
A Chómhúinteoir, a chara,

Beannachtaí ó Fhoireann Ghaeilge Iar-bhunscoile an GhaelAonaid. Tá súil againn gur bhain tú taitneamh as an lár-téarma agus as Oíche Shamhna. Tá an geimhreadh buailte linn anois. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an tréimhse seo den bhliain leis an Nollaig ag teacht go luath.



‘Tá an geimhreadh ag druidim isteach,
Na laethanta ag éirí níos fuaire,
Duilleoga á scuabadh chun siúil’.
‘Ag Geimhriú’ le Catherine Foley

Tacaíocht Scoile 2026/2027

Tá iarratais ar thacaíocht scoile don scoilbhliain 2026/2027 ar oscailt anois. Trí iarratas a dhéanamh ar thacaíocht scoile, tiocfaidh Ceannaire Foghlama Gairmiúla Oide ar cuairt chuig do scoil chun tacaíocht a sholáthar a bheidh in oiriúint do shainriachtanais na scoile.
Is féidir le scoileanna clárú trí na treoracha a seoladh chuig scoileanna an a leanúint nó trí chlárú anseo.
Má tá ceisteanna ag scoileanna, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Tionól Teagaisc 2026

Bhí Tionól Teagaisc 2026 ar siúl ar an 7 Samhain, 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh a chómhúinteoirí as a bheith linn don ócáid speisialta seo. Is mór dúinn bhur gcomhluadar. Is ócáid thar a bheith luachmhar é an Tionól; is deis í chun dea-chleachtais ghairmiúla i gcomhthéacsanna éagsúla a roinnt le chéile agus chun plé gairmiúil a bheith againn le múinteoirí eile. Téama na bliana seo ná 'Dearcadh dearfach i leith úsáid na Gaeilge - deiseanna agus féidearthachtaí'. Bhí an-lá againn agus táimid ag súil go mór leis an mbliain seo chugainn. Dáta sealadach do Thionól Teagaisc 2027 ná an **20 Samhain 2027**. Bígí linn!










Ag Breathnú ar an nGaeilge

Dréacht-Treoir d'Iar-Bhunscoileanna

I mí Dheireadh Fómhair 2026, d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige 'Ag Breathnú ar an nGaeilge' (2026) chun cur go dearfach le teagasc, foghlaim agus measúnú san ábhar in iar-bhunscoileanna. Táthar ag iarraidh na gcleachtas féin-athbhreithnithe atá ann cheana a shaibhriú leis an treoir, eiseamláirí de chleachtais an-éifeachtach a fuarthas ó chigireachtaí ábhair a roinnt, agus cabhrú le ranna Gaeilge próisis féin-athbhreithnithe ag leibhéal ábhair a nascadh leis an bhféinmheastóireacht ag leibhéal scoil uile. Tuilleadh eolais anseo.



Gairmeacha le Gaeilge

Tá an acmhainn - *Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge*, eagrán 2026-7 (leagan Gaeilge agus Béarla) - ar fáil anois saor in aisce ó COGG.

Pacáiste ilmheáin ina bhfuil bileoga gairmeacha a léiríonn na deiseanna le Gaeilge a úsáid tar éis na scolaíochta. Deiseanna tríú leibhéal, breis oideachais, scoláireachtaí, scéimeanna cónaithe agus saol sóisialta iontach má leantar le Gaeilge tar éis na scoile. Tuilleadh eolais anseo.



Ábhar Tacaíochta

Chruthaigh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta ábhar tacaíochta i gcomhar le TG4. Tá na míreanna agus bileoga oibre ar fáil anseo.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Foghlaim TG4

Snas TV

Tá acmhainní teagaisc agus foghlama dar teideal ‘Snas TV’ cruthaithe ag Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. Téigh chuig an leathanach baile www.snas.ie chun clárú le do sheoladh ríomhphoist. Gheobhaidh tú an chéad eagrán ansin. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.





Nath na Míosa

‘**Chuaigh an chloch fhuar i dtalamh inniu’** - Tá an geimhreadh agus an drochaimsir buailte linn anois. Tá deireadh leis an bhfás. Fadó in Éirinn chaití na hoícheanta sna tithe cois tine ag scéalaíocht agus ag seinm ceoil.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie. Bí chugainn agus fáilte.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
Ní haon ualach í an fhoghlaim